



# AN LEABHARLANN

Cuirimid na múrtha fáilte romhat chuig Leabharlann Shéamais Uí Argadáin ar príomhchampas OÉ Gaillimh. Táimid anseo chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an taighde a dhéanfaidh tú trí acmhainní agus seirbhísí a chur ar fáil duit.

Cabhróimid leat eolas a aimsiú, ábhar a chruthú agus comhoibriú le daoine eile. Tacóimid leat le go n-éireoidh leat i do chuid staidéir agus amach anseo i do ghairm. Nuair a bheidh tú cláraithe agus do chárta aitheantais agat, beidh teacht agat ar an leabharlann agus ar na seirbhísí uile!

## DEASC FREASTAIL NA LEABHARLAINNE AGUS IT

### Treoir maidir le:

- Cuardach sa chatalóg
- Leabhar a fháil ar íasacht agus a thabhairt ar ais
- Priontáil/Cóipeáil/Scanadh
- Cúinne na Cruthaitheachta, e.g. Priontáil 3D
- Do chuntas campais, e.g. Rphost, Wi-Fi
- BlackBoard
- Liostaí léitheoireachta

## AN TIONAD SCILEANNA ACADÚLA

### Treoir maidir le:

- Scileanna cuardaigh agus taighde a fhorbairt
- Conas tagairtí a lua
- Bradaíl liteartha a sheachaint
- Scileanna staidéir a fhorbairt
- Ceardlanna
- EndNote
- Oiliúint ar líne
- Treoracha na Leabharlainne
- Turais Leabharlainne
- An litearthacht dhigiteach

## UAIREANTA OSCAILTE NA LEABHARLAINNE

|                |                         |
|----------------|-------------------------|
| Luan go hAoine | 8.30 am go dtí 10.00 pm |
| Dé Sathairn    | 8.30 am go dtí 5.30 pm  |
| Dé Domhnaigh   | 10.00 am go dtí 5.30 pm |

Féach láithreán gréasáin na Leabharlainne chun an t-eolas is deireanaí a fháil maidir leis na huaireanta oscailte

## OILIÚINT AGUS TACAÍOCHT

Cuirimid réimse leathan acmhainní ar líne ar fáil, lena n-áirítear ranganna idirghníomhacha agus treoirleabhair leabharlainne, mar aon le seisiúin oiliúna duine le duine. Cuirimid seisiúin oiliúna buail isteach ar fáil chomh maith leis an oiliúint a chuirtear ar fáil mar chuid den churaclam. Cuirimid tacaíocht ar fáil i dtaca leo seo a leanas:

- Acmhainní a chuardach agus a mheas
- EndNote
- Tagairtí
- Scileanna digiteacha
- Leabhair, irisleabhair agus foinsí eile eolais a aimsiú
- Taighde agus próiseas an taighde
- Athbhreithnithe Córasacha



## AN TIONAD SCRÍBHNEOIREACHTA ACADÚLA

Tá an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla sa Leabharlann agus cuirtear tacaíocht ar fáil ann do mhic léinn i dtaca le scríbhneoireacht trí cheardlanna, ranganna teagaisc, seisiúin teagaisc duine le duine agus treoirleabhair ar líne a chur ar fáil.

## BAILIÚCHÁIN SPEISIALTA & CARTLANNA

Tá cartlanna agus bailiúcháin speisialta uathúla ón mbliain 1485 ar aghaidh ar fáil sa Leabharlann.

Áirítear orthu sin:

- Bailiúcháin amharclannaíochta agus litríochta
- Cartlanna digiteacha
- Bailiúcháin litríochta agus bailiúcháin a bhaineann leis an nGaeilge
- Bailiúcháin a bhaineann leis an bpolaitíocht agus le cúrsaí trodaíochta
- Bailiúcháin a bhaineann le heastáit talún

## Bailiúcháin

Tá fáil ag daoine ar suas le 500,000 leabhar clóite, 450,000 ríomhleabhar agus níos mó ná 70,000 irisleabhar clóite agus ríomh-irisleabhar. Tá réimse leathan bunachar sonraí ar fáil sa Leabharlann chomh maith le hábhar eile lena n-áirítear:

- Nuachtáin agus Irisí
- Foilseacháin oifigiúla agus cáipéisí Eorpacha
- Léarscáileanna
- Tráchtais
- DVDanna

## BÍONN FÁIL AG MIC LÉINN ORTHU SEO

- Limistéar oscailte staidéir
- Limistéir chiúine
- Seomraí grúpstaidéir
- Ríomhlanna
- Cúinne na Cruthaitheachta
- Spásanna taispeántais
- Áiteanna suí

Déan teagmháil linn

- [Library@nuigalway.ie](mailto:Library@nuigalway.ie)
- [Library.nuigalway.ie](http://Library.nuigalway.ie)
- [nuiglibrary](https://www.facebook.com/nuiglibrary)
- [@nuiglibrary](https://twitter.com/nuiglibrary)
- 091 - 49 3399

Cá bhfuilimid?

An Príomhchampas  
Leabharlann Shéamais Uí Argadáin  
Áras Taighde Uí Argadáin  
Institiúid na hEolaíochta Cliniciúla  
An Leabharlann Leighis  
Campas na Sionna  
Coláiste Ósta na Sionna